Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12379/23

LIMITE

POLCOM 191
WTO 132
AGRI 466
UD 172
UK 165

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0303 (NLE)

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú Trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena Leasaítear an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994<br>a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach |

PUBLIC

COMHAONTÚ
TRÍ MHALARTÚ LITREACHA
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS POBLACHT NA hAIRGINTÍNE
LENA LEASAÍTEAR AN COMHAONTÚ TRÍ MHALARTÚ LITREACHA
IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT NA hAIRGINTÍNE
DE BHUN AIRTEAGAL XXVIII
DEN CHOMHAONTÚ GINEARÁLTA UM THARAIFÍ AGUS TRÁDÁIL (CGTT) 1994
A BHAINEANN LE MODHNÚ LAMHÁLTAS
AR NA TARAIF- CHUÓTAÍ UILE A ÁIRÍTEAR I SCEIDEAL CLXXV AN AONTAIS
DE THORADH THARRAINGT SIAR NA RÍOCHTA AONTAITHE
AS AN AONTAS EORPACH

A. Litir ón Aontas Eorpach

A Dhuine Uasail,

Ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do na nósanna imeachta atá ar siúl faoi láthair faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, nósanna imeachta a thionscain an tAontas Eorpach (‘an tAontas’) tríd an bhfógra atá i ndoiciméad G/SECRET/42 an 24 Iúil 2018, inar moladh modhnuithe lamháltas ar na taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

An 10 Bealtaine 2021, shínigh an tAontas agus Poblacht na hAirgintíne (‘an Airgintín’) Comhaontú trí Mhalartú Litreacha chun an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal XXVIII de CGTT 1994 (‘Comhaontú an 10 Bealtaine 2021’), comhaontú a tháinig i bhfeidhm an 13 Iúil 2021.

Leagtar síos i gComhaontú an 10 Bealtaine 2021 ‘[...] nach ndéanann sé dochar don chaibidlíocht idir an tAontas agus Comhaltaí EDT eile a bhfuil cearta acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 a mhéid a bhaineann leis na taraif-chuótaí *erga omnes* lena mbaineann [...]’. Gheall an tAontas go gcuirfeadh sé an Airgintín ar an eolas dá n-athrófaí, de thoradh na caibidlíochta sin, na scaireanna arna gcomhaontú ina gcaibidlíocht dhéthaobhach.

Mar thoradh ar an gcaibidlíocht idir an tAontas agus Comhaltaí EDT eile a bhfuil cearta acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, chomhaontaigh an tAontas scaireanna dhá tharaif-chuótaí a athrú, ar cuótaí iad a bhfuil cearta caibidlíochta ag an Airgintín ina leith, mar a leanas:

– Taraif-chuóta 030 (púdar bainne bhearrtha): coigeartófar scair an Aontais den chuóta *erga omnes* go 62 917 dtona;

– Taraif-chuóta 110 (súnna torthaí): coigeartófar scair an Aontais den chuóta *erga omnes* go 6 551 thona.

Tar éis comhairliúcháin dhéthaobhacha, aontaíonn an Airgintín leis na modhnuithe a leagtar amach sa mhír roimhe seo den Litir seo agus leis na gealltanais chainníochtúla a eascraíonn as sin, gealltanais arna dtabhairt ag an Aontas nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh.

Tá sé d'onóir agam a mholadh gurb ionann an Litir seo agus deimhniú do Rialtais, i dteannta a chéile, agus Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne, lena leasaítear Comhaontú an 10 Bealtaine 2021 maidir le cionroinnt an dá tharaif-chuóta a liostaítear thuas.

Tabharfaidh an tAontas agus an Airgintín fógra dá chéile gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha i leith theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. I gcás an Aontais, seolfar an fógra i scríbhinn chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh.

Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Glac, le do thoil, a Dhuine Uasail, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

*Thar ceann an Aontais Eorpaigh*

PUBLIC

B. Litir ó Phoblacht na hAirgintíne

A Dhuine Uasail,

Tá sé d'onóir agam a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an lae inniu, atá mar seo a leanas:

'Ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do na nósanna imeachta atá ar siúl faoi láthair faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994, nósanna imeachta a thionscain an tAontas Eorpach ('an tAontas') tríd an bhfógra atá i ndoiciméad G/SECRET/42 an 24 Iúil 2018, inar moladh modhnuithe lamháltas ar na taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

An 10 Bealtaine 2021, shínigh an tAontas agus Poblacht na hAirgintíne ('an Airgintín') Comhaontú trí Mhalartú Litreacha chun an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal XXVIII de CGTT 1994 ('Comhaontú an 10 Bealtaine 2021'), comhaontú a tháinig i bhfeidhm an 13 Iúil 2021.

Leagtar síos i gComhaontú an 10 Bealtaine 2021 '[...] nach ndéanann sé dochar don chaibidlíocht idir an tAontas agus Comhaltaí EDT eile a bhfuil cearta acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 a mhéid a bhaineann leis na taraif-chuótaí *erga omnes* lena mbaineann [...]'. Gheall an tAontas go gcuirfeadh sé an Airgintín ar an eolas dá n-athrófaí, de thoradh na caibidlíochta sin, na scaireanna arna gcomhaontú ina gcaibidlíocht dhéthaobhach.

Mar thoradh ar an gcaibidlíocht idir an tAontas agus Comhaltaí EDT eile a bhfuil cearta acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, chomhaontaigh an tAontas scaireanna dhá tharaif-chuóta a athrú, ar cuótaí iad a bhfuil cearta caibidlíochta ag an Airgintín ina leith, mar a leanas:

– Taraif-chuóta 030 (púdar bainne bhearrtha): coigeartófar scair an Aontais den chuóta *erga omnes* go 62 917 dtona;

PUBLIC

– Taraif-chuóta 110 (súnna torthaí): coigeartófar scair an Aontais den chuóta *erga omnes* go 6 551 thona.

Tar éis comhairliúcháin dhéthaobhacha, aontaíonn an Airgintín leis na modhnuithe a leagtar amach sa mhír roimhe seo den Litir seo agus leis na gealltanais chainníochtúla a eascraíonn as sin, gealltanais arna dtabhairt ag an Aontas nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh.

Tá sé d'onóir agam a mholadh gurb ionann an Litir seo agus deimhniú do Rialtais, i dteannta a chéile, agus Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne, lena leasaítear Comhaontú an 10 Bealtaine 2021 maidir le cionroinnt an dá tharaif-chuóta a liostaítear thuas.

Tabharfaidh an tAontas agus an Airgintín fógra dá chéile gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha i leith theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. I gcás an Aontais, seolfar an fógra i scríbhinn chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh.

Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.'

Leis seo, tá sé d'onóir agam comhaontú mo Rialtais leis an litir thuas a chur in iúl.

*Thar ceann Phoblacht na hAirgintíne*

PUBLIC